An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Eolais TC 0024/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim um Shaoire Mháithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta a fhostaítear i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Is de bharr athruithe reachtaíochta a chomhairlítear sa Nóta Eolais seo d'fhostóirí faoi leasú ar an Imlitir 0017/2013 dar teideal *'Teidlíochtaí um Chosaint Mháithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta'*.

1.2 Is cóir ábhar an Nóta Eolais seo a chur i ngníomh, le héifeacht láithreach.

## 2. Teidlíocht ar Shaoire Mháithreachais

2.1 Leasaítear Alt 1.1 d'Imlitir 0017/2013 mar seo a leanas:

*'Beidh gach cúntóir riachtanas speisialta torrach, a mbéarfar leanbh beo di, nó a shroichfidh an 24ú seachtain dá toircheas, i dteideal 26 seachtaine de shaoire mháithreachais agus 16 seachtaine de shaoire bhreise mháithreachais gan phá. I gcás go dtarlóidh marbh-bhreith, nó breith anabaí, tráth ar bith tar éis an 24ú seachtaine den toircheas, nó más é meáchan breithe an linbh 500 gram ar a laghad, beidh feidhm ag na teidlíochtaí iomlána ar Shaoire Mháithreachais.''*

## 3. Nóta Eolais a Scaipeadh

3.1 Cinntigh, le do thoil, go ndéanfar an Nóta Eolais seo a scaipeadh ar na comhaltaí go léir den Bhord Bainistíochta/ de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear ábhar an Nóta ar a súile do na Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) go léir i d'fhostaíocht, agus iad siúd ar chead neamhláithreachta san áireamh.

3.2 Is féidir teacht ar an Nóta Eolais seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

**Clare Butler**

**Príomhoifigeach**
**Rannóg Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRSanna**

**1 Iúil, 2021**